European Commission

# TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

## Conas an bhréagaisnéis a aithint agus



AN NUASHONRÚ IS DÉANAÍ: 28-01-2021

Dóibh siúd a d’fhás aníos sa 20ú haois, is eispéireas uileghabhálach a bhí in eispéireas sóisialta, cultúrtha agus polaitiúil aois na faisnéise. I gcás daoine óga atá ag teacht in inmhe sa lá atá inniu ann, ní bheidh na dúshláin agus na deiseanna sa chéad chaibidil eile den scéal chomh spreagúil ná chomh dúshlánach céanna. Ní fios céard atá i ndán, ach is féidir na huirlisí cuí a thabhairt don óige a chuirfidh ar a gcumas an bád a stiúradh cuma céard a thiocfaidh sa saol.

Difríocht amháin idir an saol is oidhreacht do pháistí scoile an lae inniu agus an saol a bhí ann le linn a muintire is ea an fhaisnéis ar fad a bhíonn ar fáil. Don tsochaí dhaonlathach, is mór an saibhreas í an oscailteacht sin. Mar sin féin, más i lámha lucht a mí-úsáide atá an oscailteacht chéanna, is léir go gcuireann leathnú na mífhaisnéise i mbaol í, bíodh an leathnú sin dá dhéanamh d’aon turas nó ná bíodh. I measc na ndúshlán is mó i dtógáil agus in oiliúint clainne sa lá atá inniu ann tá seo: múineadh dóibh an bád a stiúradh idir gach deis agus gach dainséar dá bhfuil ann nuair atá síorathrú ar na feachta farraige timpeall orthu.

Tá sé d’aidhm ag an tsraith straitéisí seo acmhainní a chur ar fáil don mhúinteoir meánscoile, acmhainní a chuirfidh ar a c(h)umas comhrá a thosú leis na daltaí faoi na hábhair chainte a thagann i gceist de dheasca bhagairt na drochfhaisnéise. I measc na saincheisteanna sin tá sláinte an phobail, an daonlathas agus na noirm chultúrtha agus dhlíthiúla is bonn faoin tsochaí atá againn. Níl aon fhreagra críochnúil le fáil ar na ceisteanna a thagann chun cinn nuair a smaoinímid go dian faoi conas an fhírinne agus an bhréag a dhealú ó chéile. Mar sin féin, is éard atá le cothú in intinn na hóige an cumas le ceart a bhaint den débhríocht agus a mbreith féin a thabhairt ar chúrsaí de bharr na smaointeoireachta criticiúla.

Ós mar sin atá, ní héard atá sa tsraith straitéisí agus ceachtanna seo prionsabail na foirmlí dochta. Is amhlaidh dá réir sin gur ábhar atá anseo le cur agus cúiteamh a spreagadh. Tríd an díospóireacht agus an malartú tuairimí, beidh deis ag na daltaí cíoradh a dhéanamh ar an iliomad gnéithe atá san fhaisnéis, más ina n-aonar é, nó i rith comhrá leis na daltaí eile. Is scileanna tábhachtacha iad sin má tá i ndán don dalta a bheith ina shaoránach freagrach ar líne agus sa tsochaí féin go ginearálta. Dá réir sin, beidh na daltaí ag cur aithne ar Machiavelli agus an Pápa Urban II mar shampla, sin agus ar QAnon agus lucht na dteoiricí comhcheilge. Baineann na cás-staidéir seo leas as cúrsaí staire agus cúrsaí reatha araon, rud a chabhróidh leis an duine óg an bhréagaisnéis a aithint ina thimpeall. Mar aon leis sin, feicfidh sé an comhthéacs ó na fasaigh agus ó na comparáidí staire. Tá súil againn go gcabhróidh sé sin le déagóirí na hacmhainní intleachtúla agus pearsanta a fhorbairt chun scagadh a dhéanamh ar an mbréagaisnéis nuair a bheidh siad fásta.

Is cuid thábhachtach den chomhrá seo iad na hoideachasóirí, agus tar éis na n-iarratas a fuaireamar ó go leor den pobal teagaisc chun acmhainní a sholáthar maidir le bréagaisnéis, tá súil againn gur cuidiú luachmhar a bheidh sa mhéid sin don phlé ginearálta faoin oideachas i dtaobh na bréagaisnéise. Is ar ár dtaithí féin atá na modhanna oibre bunaithe, taithí ar staidéar na bréagaisnéise agus mífhaisnéise agus ar an bhfreagairt di san Aontas Eorpach. Ach oiread leis na daltaí a bhfuil an pacáiste seo beartaithe dóibh, bímid féin ag foghlaim linn agus bímid ag machnamh ar an gcur chuige atá againn. Bheimis sásta aiseolas a fháil uait féin.

Déan teagmháil linn:
COMM-DISINFORMATION-TEAM@ec.europa.eu

Is sraith straitéisí í seo a cuireadh i dtoll a chéile le feiniméan na bréagaisnéise a chur a súile don aos óg. Tá tuiscint le fáil sa tsraith ar an gcontúirt a bhaineann leis an mbréagaisnéis. Mínítear ann conas is féidir leo tuilleadh eolais a fháil ina taobh agus iad féin a chosaint uirthi. Is deis í le féachaint go grinn ar shamplaí ar leith. Is rud oscailte atá sa tsraith straitéisí seo. Tá sé saor in aisce, agus is féidir le gach foras oideachais í a úsáid. Is féidir é a chur in oiriúint d'aoisghrúpa ar bith, ach is déagóirí idir 15 agus 18 bliana d'aois an spriocghrúpa príomha.

## Conas é a úsáid

Is sraith straitéisí í seo a dearadh le haghaidh **ceacht amháin nó dhá cheacht** sa ghnáthrang **meánscoile**.

Tá naisc chuig roinnt físeán YouTube sa chur i láthair PowerPoint. Beidh ábhar go leor le haghaidh ceacht amháin i bhfíseán amháin nó dhá fhíseán díobh sin chun na príomhphointí a chur in iúl. Bainfidh tú úsáid as na físeáin eile má tá an t-am agat, nó d'fhéadfá an t-ábhar a roinnt idir ceachtanna éagsúla. Is faoin múinteoir a fhágtar roghnú na bhfíseán is fearr a d'oirfeadh do rang ar leith, is é sin na físeáin is suimiúla a leanfaidh díospóireacht a bhféachaint.

Áirítear na gníomhaíochtaí seo a leanas ar na gníomhaíochtaí a mholtar:

| Gníomhaíocht | Am íosta | Na hábhair a mholtar |
|---|---|---|
| **Tuiscint a chur ar an mbréagaisnéis** (sleamhnán 5-24) | 45 nóiméad | Cur i láthair PowerPoint, tras-scríbhinní físe, díospóireacht idirghníomhach |
| **Obair grúpaí (5-6 ar a mhéid)** (sleamhnán 25) | 15-25 nóiméad | Cás-staidéir (agus cur i láthair PowerPoint mar thagairt) |
| **Cur i láthair ón ngrúpa agus díospóireacht** (sleamhnán 25) | 25 nóiméad i gcomhair gach grúpa | Cás-staidéir |
| **Achoimriú agus moltaí maidir le tuilleadh taighde** (sleamhnán 26-34) | 5 nóiméad | Liosta léitheoireachta |

Má tá an t-am agat, d'fhéadfá cur leis an rannóg ar 'Tuiscint na Bréagaisnéise' (e.g. níos mó ama a chaitheamh ag féachaint ar fhoinsí seachtracha agus na samplaí éagsúla a phlé leis na daltaí) nó níos mó ama a chaitheamh le hobair na ngrúpaí.

- **An bhréagaisnéis agus contúirtí na bréagaisnéise don tsochaí (sleamhnáin 6-10):**
  ***NB!*** *Is ina ábhar atá réidh le húsáid a chuirtear na samplaí seo ar fáil. D'fhéadfá cás-staidéir eile a aimsiú is fearr a d'oirfeadh do na daltaí, sin nó iarraidh orthu cás-staidéir eile a shainaithint iad féin, mar thasc don ghrúpa. Bíodh cur i láthair na samplaí seo chomh hidirghníomhach agus is féidir.*

    - **An taighde bréige agus an ghluaiseacht in aghaidh vacsaíní** (sa tsochaí ina mairimid féin, éilítear ardchaighdeáin acadúla ar na hinstitiúidí léinn. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach a thuiscint cén fáth a bhfuil gá leo)

- **Miotas choróinvíreas 5G** (sampla a bhí ann le déanaí conas is féidir le gníomhaithe mailíseacha leas a bhaint as géarchéim, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh sa saol féin). Is iomaí teoiric comhcheilge a bhí á scaipeadh ar líne agus as líne araon. Is éard a bhí a mhaíomh gurb iad na líonraí soghluaiste 5G ba chúis le paindéim an choróinvíris. Ní fíor sin. Is ar an radaimhinicíocht atá an 5G bunaithe, rud nach gcruthaíonn víreas.

- Bhí tuile mhífhaisnéise, bhréagaisnéise agus chomhcheilge ann de dheasca ráig an choróinvíris, rud a chruthaigh 'faisdéim' ina dhiaidh sin. Tháinig sin i dtír ar an líonrith a bhí ar na daoine, agus ar an gcuardach éadóchasach a bhí siad a dhéanamh ar fhreagraí faoi chosc agus faoi leigheas an víris srl. Is minic a scaiptear an fhaisnéis bhréagach seo go neamhdheonach, ach i cásanna go leor, scaipeann páirtithe a leithéid a bhíonn ag iarraidh tuilleadh cliceanna a ghiniúint trí 'clicbhaoite' a phostáil (ceannteidil chliste a tharraingíonn aird).
- Úsáidtear aisteoirí le scéal áibhéile a insint faoin íospairt a d'fhulaing siad, insint a mbíonn **ionramháil na mothúchán** ann, rud a mhúsclaíonn mothúcháin láidre i measc an lucht féachana seachas an tuairim oibiachtúil a bheadh acu ach foinsí nuachta údarásacha a leanúint.

- **2 shamhail den chaoi a n-oibríonn an bhréagaisnéis (sleamhnáin 11-15):**
  - **Daoine a spreagadh chun tacú le smaoineamh/cúis** – an eagla roimh na vacsaínithe; sin toradh ar an taighde bréige, rud is cúis le méadú ar chásanna den bhruitíneach. Abair leis na daltaí chomh maith go mbíonn buntáiste polaitiúil i gceist leis na cúiseanna sin freisin, e.g. feachtas míchlú roimh thoghchán, nó rialtas san iasacht chuirfeadh a ladar sna toghcháin i dtír eile ar mhaithe leo féin go geopholaitiúil.
  - **Áibhéil faoi dhifríochtaí chun dochar a dhéanamh d'aontacht/dlúthpháirtíocht ghrúpa** – is deacair tionchar a imirt ar phobal atá láidir aontaithe cheana féin; Úsáidtear an bhréagaisnéis chun ding a chur idir na daoine agus chun áibhéil a dhéanamh de na difríochtaí inmheánacha agus de na coinbhleachtaí nó na conspóidí atá ann.

- **An chaoi a n-oibríonn an bhréagaisnéis (sleamhnáin 16-19)**
  - Ról na meán sóisialta
  - Éascaíonn an teicneolaíocht hionramháil na faisnéise, agus cruthaíonn sí cineálacha nua inneachair is furasta a chreidiúint

- **Conas dul i ngleic leis an mbréagaisnéis (sleamhnáin 20-24):**

  *Éilítear ar gach duine smaoineamh go criticiúil agus na nithe seo a leanas a dhéanamh:*

  - An t-ábhar a sheiceáil– an bhfuil na fíorais agus na figiúirí cruinn? An bhfuil an t-alt claonta? An nuacht oibiachtúil é nó píosa tuairimíochta?

- Seiceáil an fhoinse – an aithníonn tú í? An bhfuil cuma aisteach ar an URL? Féach ar an leathanach ' Eolas' — cé atá á riar? Cé atá á mhaoiniú? Cad atá le rá ag foinsí eile sna meáin iontaofa?
- Seiceáil an t-údar – an bhfuil a leithéid de dhuine ann? Mura dtuigeann tú go maith cé hé an t-údar, is dócha go mbeidh an chuid eile den alt bréagach chomh maith. Bíonn teist i gcónaí ar iriseoir a bhfuil dea-cháil air nó uirthi.
- Seiceáil na foinsí – an úsáideann an t-údar foinsí chun tacú lena chuid tuairimí? An foinsí iontaofa atá iontu (an foinsí sna meáin sheanbhunaithe iad, foinsí a bhfuil meas orthu, mar shampla, an saineolaithe cáiliúla iad sa réimse ina n-oibríonn siad)? An speisialtóirí cearta iad na saineolaithe a luaitear? Má úsáideann an scéal foinsí doiléire, nó más scéal gan fhoinsí atá ann (“deirtear”), d’fhéadfadh nach bhfuil bunús leis an méid atá á mhaíomh ann.

- Seiceáil na pictiúir — is cumhachtach an rud íomhá agus is furasta a hionramháil. Is féidir le cuardach íomhá droim ar ais a thaispeáint an úsáideadh an íomhá cheana i gcomhthéacs eile.
- ***Cuimhnigh ort féin sula roinneann tú aon rud!*** D’fhéadfadh sé gur saobhadh réaltachta atá sa scéal, agus athúsáid imeachtaí a tharla cheana i gcomhthéacs eile, mar shampla – nó d’fhéadfadh sé gur aoir agus magadh atá ann. Tharlódh gur ar mhaithe le mothúcháin láidre a mhúscailt a ceapadh an ceannlíne.
- **Ceistigh do chuid claonta féin** – uaireanta bíonn scéal rómhaith nó róshiamsúil le go bhféadfadh an fhírinne a bheith ann. Tarraing anáil mhaith, cuir i gcomparáid le foinsí eile é, agus coinnigh guaim ort féin. Má léann tú rud a chuireann fearg ort, eagla nó brón, glac staidéar ar feadh nóiméid sula roinneann tú le daoine eile é.

- **Bígí ag obair in bhur ngrúpaí agus déanaigí plé ar roinnt samplaí tipiciúla den bhréagaisnéis (sleamhnáin 25):**

Déan an rang a roinnt ina ghrúpaí de 5-6 dalta ar a mhéad. Tabhair cás-staidéar do gach grúpa faoi seach. Tabhair tuairim agus 15 nóiméad dóibh leis an gcás-staidéar agus na ceisteanna a léamh, agus ansin 20-25 nóiméad eile chun éisteacht le cur i láthair ó gach grúpa agus chun plé a dhéanamh sa rang.

- Teoiric chomhcheilge chontúirteach nua ónar eascair gluaiseacht chultais atá ag scaipeadh ar fud na hEorpa
- Sliocht as leabhar Machiavelli faoin gcoincheap ‘deighilt agus rialú’
- Fógraíocht neamheiticiúil mhíthreorach faoi leigheas X atá “dochreidte éifeachtach”
- Óráid le hUrban II ag Comhairle Clermont (1095) maidir leis na Crosáidí
- Seanchas faoin aoire óg agus an mac tíre

***NB!*** *Is samplaí clasaiceacha atá iontu sin, agus is ábhar iad atá réidh le húsáid. B’fhéidir go dtiocfaidh tú ar chás-staidéir eile a bheidh níos oiriúna do na daltaí, nó féadfaidh tú iarraidh orthu cás-staidéir a aimsiú iad féin mar thasc don ghrúpa. Na teoiricí comhcheilge (is iad George Soros/Bill Gates atá ag rialú an domhain; is iad na rialtais a scaipeann COVID-19; tá allúraigh i Limistéar 51, etc.) bréagaisnéis sláinte, fíorais bhréagacha faoi ghrúpaí mionlaigh...*

*Ar mhaithe le hinspioráid:*

- *Bunachar sonraí Poynter COVID-19https://www.poynter.org/ifcn-covid-19-misinformation/*
- *Cásanna ina ndeachaigh an tAontas Eorpach i gcoinne na bréagaisnéise: https://euvsdisinfo.eu/disinformation-cases/*
- *Scéalta barr leathanaigh 'Ní hionann rud a bheith ag treochtáil agus an fhírinne a bheith ann': seo suíomh gréasáin ar a ndéantar seiceáil ar na fíorais i scéalta atá ag treochtáil: https://leadstories.com/*

- **Achoimre, leideanna le tuilleadh a fháil amach mar aon le hacmhainní náisiúnta (sleamhnáin 26-34)**

# Ábhar sa tsraith seirbhísí atá ar fáil

- **Cuir i láthair tosaigh** (i bhformáid PPT nó PDF)
    a. Is i mBéarla/i Rúisis atá na físeáin leabaithe YouTube, ach tá tras-scríbhinní aistrithe ar fáil
    b. Tá mínithe agus tuairiscí i dtaobh pointí plé ar fáil sna *Nótaí* faoi gach sleamhnán
- **5 chás-staidéar ar ghrúpa oibre** a bhfuil cúraimí orthu (is féidir iad a oiriúnú, nó cás-staidéir éagsúla a úsáid)
- **Leideanna** (cluichí idirghníomhacha, treoracha agus acmhainní) chun tuilleadh a fhoghlaim

# Scéalta malartacha le cur san áireamh:

- **Naimhdeas in aghaidh thrúpaí ECAT a chothú trí bhíthin na scéalta bréagacha**
  https://vilniusinstitute.lt/en/lisas-case-repeated-german-soldiers-accused-of-rape/
  Scéalta a bhfuil na mothúcháin in uachtar iontu, bíonn damáiste déanta acu sular féidir a smachtú. Is iondúil go mbíonn na scéalta bréagacha seo sách inchreidte.
- **Féachann an Rúis leis an milleán a chur ar na Stáit Aontaithe faoin gcoróinvíreas ar an teilifís**
  https://www.themoscowtimes.com/2020/02/06/russian-tv-runs-conspiracy-theory-blaming-trump-for-coronavirus-a69189
  https://www.youtube.com/watch?v=JQRmacSHXoo
  Bhí teoiric chomhcheilge ar chlár teilifíse de chuid an stáit Rúisigh, clár inar cuireadh an milleán ar Donald Trump, Uachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá, faoin gcoróinvíreas.

# CÁS-STAIDÉAR UIMH. 1

# TIONCHAR ‘Q’ AGUS AN MEADÚ



# Cúlra

Iar-Uachtarán SAM Barack Obama; iar-Rúnaí Stáit Mheiriceá agus iarrthóir san uachtaránacht Hillary Clinton; Uachtarán na Fraince Emmanuel Macron; an t-amhránaí Lady Gaga; bialann Comet Ping Pong i Washington D.C.; bunaitheoir Microsoft Bill Gates; an t-aisteoir Tom Hanks - céard atá ag na daoine sin ar fad i gcoiteann le chéile? Dar leis an lucht leanúna teoiricí comhcheilge QAnon, is cuid de ghréasán gáinneála leanaí iad ar fad, gréasán a adhrann Sátan a bhfuil daoine mór le rá páirteach ann ó shaol na siamsaíochta, na polaitíochta agus an ghnó; Maítear gur earcaigh ginearáil mhíleata Iar-Uachtarán na Stát Aontaithe Donald Trump chun an líonra sin a nochtadh agus chun deireadh a chur leis an smacht atá acu ar an rialtas agus ar na meáin, rud a dtugtar 'an stát domhain' air chomh maith. Tá an teoiric sin á cur chun cinn ag duine gan ainm ar líne a bhaineann úsáid as an gcódainm 'Q', duine a mhaíonn gur oifigeach é ar chéim ard i rialtas SAM agus cead slándála aige ar an leibhéal is airde, rud a thugann rochtain dó ar an bhfaisnéis rúnaicmithe.

Tháinig Qanon chun cinn i gcláir teachtaireachtaí imeallacha ar líne, 4chan agus 8chan mar shampla. Is in 2017 a thosaigh siad ag postáil. Is mór a mhéadaigh ar a gcáil ó shin i measc úsáideoirí Facebook, Twitter, YouTube agus ardáin eile sa phríomhshruth. Tréith thábhachtach de chuid QAnon, tréith a chuireann lena scaipeadh sciobtha, is ea an chaoi a spreagann sé daoine le bheith rannpháirteach ann: Postálann 'Q' leideanna go rialta ar na cláir teachtaireachta ('Q Drops') ag tabhairt cuireadh dá lucht leanúna a gcuid taighde féin a dhéanamh chun an rúndiamhair a réiteach agus an fhírinne a nochtadh i leith bhunús na dteoiricí éagsúla. Ó dheireadh na bliana 2019, rinne QAnon a bhealach isteach i suíomhanna gréasáin, leathanaigh, grúpaí agus cuntais ar líne Eorpacha. Tá claochlú déanta aige ina ghluaiseachtaí áitiúla, agus chuir sé é féin in oiriúint do insintí agus comhthéacsanna áitiúla, go háirithe sa Ghearmáin, sa Fhrainc, san Iodáil agus sa Ríocht Aontaithe. Grúpaí eile a bhí ann cheana freisin, na *Gilets Jaunes* sa Fhrainc, nó gluaiseachtaí i bhfad ar dheis sa Ghearmáin, ghlac siadsan le hinsintí QAnoni gcásanna áirithe. An 'stát domhain' atá i gcroí an scéil a insíonn Q, is stát gan teorainn é más fíor, agus deir lucht leanúna QANON go háitiúil faoi pholaiteoirí agus daoine cumhachtacha, Emmanuel Macron mar shampla, gur'giollaí de chuid an stáit domhain' atá iontu. Tá líomhaintí ann freisin go bhfuil gréasán péidifilia rúnda á riar ag rialtas na Gearmáine.

Ní nach ionadh, chuaigh an scéal chun donais le linn phaindéim COVID-19. Is sa bhaile a bhí na daoine agus dá bhrí sin bhí i bhfad níos mó ama acu le caitheamh ar an idirlíon, ba mhinic iad míshásta le srianta agus bearta an rialtais chun déileáil leis an ráig (caitheamh na masc, an scaradh sóisialta, an gaibhniú agus srianta taistil). Sa chomhthéacs sin, tá teoiricí éagsúla ag QAnon; gur arm bitheolaíoch é an coróinvíreas ar scaoil 'an stát domhain' leis; gurbh é Bill Gates a phleanáil an phaindéim más fíor chun ollvacsaíniú a chur i bhfeidhm agus daonra an domhain a rialú.

## Roghnach:

Féach leatan físeán seo agus déan taighde tapa duit féin ar líne faoi QAnon.

## Ceisteanna le plé:

- An bhfeiceann tú téama coitianta taobh thiar de scéalta QAnon atá á scaipeadh ar fud na Stát Aontaithe agus na hEorpa?
- Céard atá 'mealltach' faoi ghluaiseacht QAnon dá lucht leanúna? Cén difríocht idir í agus teoiricí comhcheilge eile?
- An féidir leat amanna eile sa stair a aithint, imeachtaí criticiúla a lig sruth de theoiricí comhcheilge agus bréagaisnéise den chineál céanna ar fud na mór-roinne? Cad atá i gcoiteann acu go léir?
- Ag smaoineamh siar ar an bplé a rinneamar faoi na cuspóirí atá ag gníomhaithe na bréagaisnéise, conas a d'fhéadfadh cumhachtaí eachtracha scéalta QAnon a úsáid dar leat chun teacht i dtír ar an Eoraip agus an chuma a chur ar an scéal go bhfuil sí níos laige ná atá?

CÁS-STAIDÉAR UIMH. 2

# DIVIDE ET IMPERA

("DEIGHILT AGUS CONCAS")



# An scéal

[..] Ba cheart do chaptaen, i measc na bhfreagrachtaí eile atá air, a dhícheall a dhéanamh **deighilt a chruthú i bhfórsaí an namhad**, bíodh sin trí amhras a chur orthu faoin mbuíon atá aige, buíon ar chuir sé iontaoibh inti, nó trí chúis a thabhairt dó a chuid fórsaí a scaradh ó chéile, agus – mar gheall air sin – iad a lagú.

Chun an chéad mhodh a bhaint amach, féachann sé ar na rudaí atá i ngiorracht do chuid de na fir atá taobh leis, rudaí a bhíonn ag fir agus iad ag cogaíocht, a maoin phearsanta a shábháil, a bpáistí a chothú nó rudaí eile a theastaíonn uathu, agus é sin a dhéanamh saor in aisce. Tá a fhios agat an chaoi ar shábháil Hannibal páirceanna Fabius Maximus agus na páirceanna sin amháin, tar éis dó na páirceanna go léir timpeall na Róimhe a dhó. Tá a fhios agat an chaoi ar shábháil Coriolanus sealúchas na n-uaisle, nuair a tháinig sé chun na Róimhe leis an arm, agus an chaoi ar dhóigh agus ar scrios sé sealúchas na cosmhuintire. [..]

Ó thaobh deighilt a chur i bhfórsaí an namhad, níl bealach ar bith is cinnte leis sin a dhéanamh ná roinnt de do chuid fhórsaí féin a chur ar an ionsaí ar thír amháin ionas go bhfágfaidh fórsaí na tíre sin an cogadh lena dtír féin a chosaint. [..] Titus Didius, fear a raibh fórsa beag aige i gcomparáid leis an namhaid, bhí sé ag fanacht le Léigiún ón Róimh, Léigiún a raibh an namhaid ag iarraidh a stopadh ar an mbealach.

Chun é sin a chosc, dúirt Titus ó bhéal don arm ar fad gur theastaigh uaidh an cath a chur ar an namhaid an lá dár gcionn. Ansin dheimhnigh sé go mbeadh an deis ag roinnt de na príosúnaigh a bhí aige éalú. Thug siad ordú an Chonsail ar ais leo, ordú troda an lá dár gcionn. Thug sin ar an namhaid a phlean a athrú agus gan dul roimh an Léigiún ar eagla go laghdófaí a chuid fórsaí féin. Sa chaoi sin, d'éirigh le Titus é féin a choinneáil sábháilte. Ní héard a bhí sa mhodh oibre seo fórsaí an namhad a roinnte ach a chuid fórsaí féin a dhúbailt.

Chun deighilt a chur i bhfórsaí an namhad, lig cuid acu do na fórsaí dul isteach ina dtír agus ina mbailte féin chun iad a thógáil, ionas go gcuirfí gardaí iontu agus, dá bhrí sin, go gcaillfí cuid acu ar an mbealach agus go mbeidís níos laige dá bharr. Sa chaoi sin, tar éis dóibh an namhaid a dhéanamh níos laige, chuaigh siad ar an ionsaí air agus chloígh siad é.

Maidir le daoine eile, nuair a bhí siad chun dul isteach i gcúige amháin, lig siad orthu go raibh siad ag ionsaí a chéile, agus mheall siad an namhaid amhlaidh. D'fhág sin nach raibh eagla ar an arm eile go dtabharfaí ruathar orthu. Ach tugadh. Agus cloíodh an namhaid sula bhféadfaí dul i gcabhair air. Fágtar an namhaid in áit na leathphingine; níl sé cinnte an dtiocfaidh tú ar ais go dtí an chéad áit ar bhagair tú air nó nach dtiocfaidh, mar sin, níl sé ag iarraidh an chéad áit a fhágáil le dul go dtí an áit eile agus ar an gcaoi sin, is minic nach ndéanann sé ceachtar den dá áit a chosaint. [..]

*Foinse: Wikisource, Leabhar 6 de "The Art of War" (1675) le Niccolò Machiavelli, aistrithe ag Henry Neville (curtha in oiriúint)*

# Ceisteanna le plé:

1. Cén chaoi a bhféadfadh an bhréagaisnéis a bheith ina chuidiú in am na cogaíochta? Cén chaoi a bhféadfadh éiginnteacht an namhad a bheith ina buntáiste duit féin?
2. An bhfuil sé eiticiúil bréaga a insint in am na cogaíochta? An bhfuil sé eiticiúil bréaga a insint i ré na síochána?
3. Cén fáth gur fusa fórsaí a chloí ach iad a scaradh ó chéile ar dtús?
4. Cén fáth a bhfuil an tAontas Eorpach níos laige mar gheall ar Brexit?

5. An bhféadfá 3 shaincheist ar a laghad a ainmniú a léiríonn tuiscint an-éagsúil idir na Ballstáit atá ina mbaill le fada agus na Ballstáit a tháinig isteach le déanaí? An láidre nó an laige an tAontas Eorpach mar gheall ar na difríochtaí sin?

## Athfhriotal

Ní píosaí fichille iad na imircigh agus na teifigh ar chlár fichille na daonnachta. Is páistí, mná agus fir iad a fhágann an baile nó a gcuirtear iallach orthu an baile a fhágáil ar chúiseanna éagsúla, daoine ar mian leo eolas agus maoin an tsaoil a bheith acu, ach níos tábhachtaí ná aon rud eile, tá siad ag iarraidh barr a gcumais a bhaint amach.

*Foinse: An Pápa Proinsias, Teachtaireacht don 100ú Lá Domhanda na nImirceach agus na dTeifeach*

## Tasc

Tá roinnt teifeach ar a dteitheadh óna dtír dhúchais chun an Aontais ar chúiseanna eile nach cúiseanna polaitiúla nó sábháilteachta iad. Tá imircigh eacnamaíocha ann a bhfuil stádas dlíthiúil go hiomlán difriúil ag baint leo agus aithnítear go bhfuil difríocht idir na cásanna sin san Aontas Eorpach.

Faraor, is minic nach mbíonn an 'réiteach foirfe' againn leis an idirdhealú a dhéanamh idir na grúpaí sin. Ina theannta sin, úsáidtear an bhréagaisnéis uaireanta chun an chuma a chur ar an scéal go bhfuil cinntí den saghas sin míchuí agus cruálach.

Samhlaigh 2 chás éagsúla:

a) níl cead ag teifeach cogaidh ón tSiria teacht isteach i do thírse agus cuirtear ar ais chun na Siria é;

b) glactar le himirceach eacnamaíoch ón bPacastáin i dtír de chuid an Aontais agus tugtar teach agus sochair dó ar feadh 2 bhliain.

Mínigh cén chaoi a gcruthódh an dá chás sin teannas i measc mhuintir na hEorpa. Cén tír/tíortha comhraic lasmuigh den Aontas a bhainfeadh leas as míshocracht den sórt sin?

CÁS-STAIDÉAR UIMH. 3

# D’FHÉADFADH BRÉAGA FAOI CHÚRSAÍ LEIGHIS DAMÁISTE A DHÉANAMH DO DO SHLÁINTE



# An scéal

[..] Tá roinnt táirgí nua ann anois atá dírithe ar thomhaltóirí níos sine a bhfuiltear ag maíomh fúthu gur féidir leo do chuimhne a spreagadh, agus, dar le daoine áirithe, stop a chur le néaltrú agus galar Alzheimer nó iad a leigheas — cé nach bhfuil leigheas aimsithe go fóill ag lucht na heolaíochta príomhshrutha. Tá na rialtóirí agus lucht déanta an dlí ag tabhairt airde ar na ráflaí sin faoin am seo.

'Tá áit ar leith in ifreann d'aon duine atá ag cur forlíontaí cothaithe ar an margadh agus a deir gur leigheas ar an néaltrú nó ar ghalar Alzheimer atá iontu nuair nach fíor sin — ach sin é go díreach atá feicthe againn ó na monaróirí,' arsa an Seanadóir Claire McCaskill (D-Mo.), an ball rangaithe ar an gCoiste Speisialta um Aosú i Seanad na Stát Aontaithe. In 2015, sheol McCaskill litreacha chuig 15 mhiondíoltóir ag lorg faisnéise faoina gcuid beartas agus nósanna imeachta maidir le forlíontaí a chur ar an margadh tar éis di a chloisteáil faoi fhorlíonadh ar a dtugtar Brain Armor ar fógraíodh gur 'chosaint' é ar ghalar Alzheimer, ar an néaltrú agus ar strócanna.

I mí na Samhna 2015, d'fhógair an Roinn Cirt cuardach náisiúnta ar níos mó ná 100 déantóir agus margóir forlíonta cothaithe. Cuireadh i leith na gcuideachtaí go raibh siad ag maíomh faoin uile ní gan chruthú, go raibh leigheas ar ghalar Alzheimer aimsithe acu, cuir i gcás, nó go raibh leigheas acu do dhaoine a bhí gafa le cógais péine.

In 2016, shocraigh an Coimisiún Trádála Feidearálach cúisimh in aghaidh gnóthais in California a bhí ag maíomh go raibh faoiseamh le fáil i gceann dá gcuid forlíontaí ar chomharthaí sóirt a bhaineann leis an sos míostraithe, treallanna teo agus meáchan a chur suas san áireamh. Shocraigh an ghníomhaireacht cúisimh in aghaidh beirt mhargóirí forlíontaí chomh maith a bhí ag maíomh go bhféadfadh a gcuid táirgí stop a chur le gruaig liath nó dath nádúrtha na gruaige a thabhairt ar ais.

In 2020, chuir ionchúisitheoirí feidearálacha cás in aghaidh úinéirí cuideachta forlíontaí a bhí lonnaithe in Dallas, cuideachta a chuir táirge ar an margadh darb ainm OxyElite Pro, agus iad á mhaíomh go mbeadh sé ina chuidiú le meáchan a chailleadh. Bhí ráig heipitítis agus galair an ae ann ina dhiaidh sin. Meastar go raibh nasc eatarthu. I measc na n-íospartach, bhí: Sonnette Marras, 48, as Hawaii, bean a raibh seachtar clainne uirthi. Fuair sí bás tar éis di an forlíonadh a thógáil in 2013.

*Foinse: AARP Bulletin, Meitheamh 2016. Is eagraíocht neamhbhrabúsach neamhpháirtíneach é AARP (An Cumann Meiriceánach do Dhaoine atá ar Scor) a chuireann ar chumas daoine a slí maireachtála féin a roghnú de réir mar atá siad ag dul in aois.*

# Ceisteanna le plé:

6. Cén fáth a gcreideann daoine i ngealltanais amhrasacha a thugann monaróirí neamheiticiúla?
7. Céard é an difríocht idir sonraí eolaíocha leighis agus na teistiméireachtaí aonair a úsáidtear go hiondúil chun camscéimeanna leighis a chur chun cinn?
8. Cén fáth a ndírítear na cógais bhréagacha go hiondúil ar thomhaltóirí níos sine nó ar dhaoine nach bhfuil an t-oideachas is fearr orthu? Cén chaoi a bhféadfadh muid cabhrú le daoine sna catagóirí sin ionas nach mbuailfí bob orthu leis na teicnící margaíochta a úsáidtear chun cógais den sórt sin a chur chun cinn?

9. Cé aige a bhfuil suim bréagaisnéis den sórt sin a scaipeadh ó thaobh cúrsaí airgid de? Cén chaoi a ndéanann siad airgead ar dhaoine a mbuailtear bob orthu?
10. Cé na bearta ab fhearr a d'fhéadfaí a úsáid (seachas an dlí) chun cur in aghaidh camscéimeanna den sórt sin ionas nach mbeidís éifeachtúil?

## Athfhriotal

Fear atá á bhá, béarfaidh sé ar chipín.

*Foinse: seanfhocal.*

## Tasc

Déan liosta de tháirgí cógaisíochta in dhá chatagóir: forlíontaí cothaithe is féidir a cheannach "thar-an-gcuntar" (ní gá oideas) agus leigheas a bhfuil oideas oifigiúil ag teastáil lena fháil.

Mínigh na príomhdhifríochtaí idir na táirgí sin i leith na ngnéithe seo a leanas:

- cruthaíodh ag deireadh próisis chríochnúil forbartha é
- formhaoirseacht oifigiúil ar an bpróiseas monaraíochta
- ceanglais maidir leis an bpointe díolacháin
- tacaíocht tar éis an díolacháin agus céimeanna eile.

Déan cur síos ar an gcaoi a gcosnaíonn an tAontas Eorpach (agus na húdaráis i dtíortha ar baill den Aontas iad) tomhaltóirí ar ionramháil maidir le seirbhísí/táirgí sláinte.

CÁS-STAIDÉAR UIMH. 4

# ÓRÁID ÓN bPÁPA URBAN MAIDIR LEIS AN gCÉAD CHROSÁID



# Óráid Urban II ag Comhairle Clermont, 1095

In 1094 nó 1095, sheol Alexius, impire na Gréige, teachtaireacht chun an Phápa, Urban II ag iarraidh cabhrach air ón iarthar in aghaidh na dTurcach a bhí tar éis an chuid is mó den Áise Bheag a ghabháil uaidh. Ag comhairle Clermont, labhair Urban le slua mór agus spreag sé iad chun dul ag cabhrú leis na Gréagaigh agus chun an Phalaistín a athshlánú ó smacht na Mohammedan.

*[..] Cé go bhfuil bhur mbriathar tugtha agaibh, a dhaoine uaisle, go ndéanfaidh sibh gach dá bhfuil ionaibh an tsíocháin a choinneáil eadraibh féin agus cearta na heaglaise a chaomhnú, tá obair thábhachtach le déanamh agaibh go fóill. Agus beocht úrnua tugtha ag Dia anois daoibh, beidh oraibh neart bhur bhfíréantachta a chur ag obair ar rud eile a bhaineann libh féin, chomh maith le Dia.*

*Mar teastaíonn bhur gcabhair ó bhur mbráithre a chónaíonn san oirthear gan mhoill agus caithfidh sibh deifir a dhéanamh chun an chabhair sin a thabhairt daoibh, cabhair ar mhinic a gealladh dóibh í. Faoi mar a chuala bhur bhformhór, tá na Turcaigh agus na hArabaigh tar éis iad a ionsaí agus críocha na Rómáine a ghabháil [impireacht na Gréige] chomh fada siar le cladaí na Meánmhara agus an Hellespont, ar a dtugtar Cnámh Naomh Seoirse. Tá siad tar éis níos mó agus níos mó de thailte na gCríostaithe a ghabháil agus tá siad tar éis iad a chloí i seacht gcath. Tá go leor daoine maraithe agus gafa acu agus tá séipéil loite agus léirscrios déanta ar an impireacht acu.*

*Má cheadaíonn sibh dóibh é sin a dhéanamh gan aon bhaol pionóis, déanfaidh siad i bhfad níos mó ionsaithe ar dhaoine ó phobal Dé amach anseo. Dá bhrí sin, is éard a iarraimse oraibh, go deimhin is éard a iarrann an Tiarna oraibhse, a theachtairí Chríost, an scéal seo a fhoilsiú go forleathan, agus gach áit dá dtéann sibh, foráil a chur ar na daoine, idir uasal agus íseal, idir troithigh agus ridirí, saibhir agus daibhir, ionas go dtabharfaidh siad cabhair gan mhoill do na Críostaithe sin, ionas go ndéanfaidh siad an cine urghránna sin a dhíbirt ó thailte ár mbráithre. Deirim sin leis na daoine atá i láthair ach tá mé ag iarraidh go bhfaigheadh na daoine nach bhfuil i láthair an teachtaireacht chéanna. Thairis sin, is é Íosa Críost atá á éileamh.*

*[..] Gach duine a fhaigheann bás, ar tír nó ar muir, nó i mbun catha in aghaidh na bpágánach, gheobhaidh siad maithiúnas ar a bpeacaí láithreach. Is trí chumhacht Dé a bronnadh orm tráth a thabharfaidh mé sin dóibh. Nach mór an náire a bheadh ann dá n-éireodh le cine a bhfuil an dearg-ghráin orthu, cine chomh bunúsach sin go dtugann siad ómós don diabhal, dá n-éireodh leis an gcine sin pobal a chreideann i nDia uilechumhachtach a chloí, pobal atá glórmhar in ainm Dé! Cé na pionóis a ghearrfadh Dia orainn mura dtabharfadh sibh cúnamh dóibh siúd a thugann ómós do chreideamh na Críostaíochta!*

*Ligimis dóibh siúd a bhfuil cleachtadh acu cogadh príobháideach a chur ar lucht na Críostaíochta go héagórach dul i gcoinne na n-ainchreidmheach anois agus beirimis bua orthu sa chogadh seo, cogadh ar cheart é a thosú i bhfad siar. Lig dóibh siúd a bhí ina robálaithe le fada an lá a bheith ina ridirí anois. Na daoine úd atá ag troid i gcoinne a ndeartháireacha agus a ngaolta, ligimis dóibh anois dul ag comhrac i gceart in aghaidh na mbarbarach. Na fir siúd atá ina saighdiúirí tuarastail ar phá beag le píosa, tugaimis anois a nduais shíoraí dóibh. Iad siúd atá tar éis iad féin a spíonadh idir cholainn agus anam, téidís ag obair feasta ar onóir agus ar oineach. Féachaigí! ar an taobh seo, na daoine brónacha daibhre, ar an taobh eile, na daoine saibhre; ar an taobh seo, naimhde Íosa, ar an taobh sin, a chairde. Na daoine a bheidh ag imeacht, ná déanaigí aon mhoill, cuirigí amach bhur dtailte ar cíos agus bailígí airgead ar bhur gcostais; agus a luaithe a bheidh an geimhreadh fágtha inár ndiaidh agus a thiocfaidh an t-earrach, as go brách libh ar an mbealach agus Dia le bhur dtaobh.*

*Foinse: A Source Book for Mediæval History. Rogha doiciméad a léiríonn Stair na hEorpa sa Mheánaois, O. J. Thatcher, E. McNeal, Nua-Eabhrac, 1905.*

## Ceisteanna le plé:

1. Cé na cúiseanna "beannaithe" atá leis an gCrosáid, mar a dúirt an Pápa Urban II?
2. Cé na cúiseanna atá le hachainí an Phápa i bhfírinne?
3. Cén fáth a raibh an óráid phoiblí seo chomh cumhachtach sin san am?
4. Cén fhreagairt a bheadh ag "na Turcaigh agus na hArabaigh" san am úd agus... sa lá atá inniu ann?
5. Cé na roghanna cros-seiceála a bhí ar fáil san am (1095) sa limistéar a rialaigh an Eaglais Chaitliceach?

## Tasc

Scríobh litir freagartha (i bhfoirm óráide) ó chéilí comhraic Alexius san Áise Bheag. Ba cheart í a sheoladh chuig na rannpháirtithe uile a d'fhéadfadh a bheith sna Crosáidí.

European
Commission

## CÁS-STAIDÉAR UIMH. 5

# LEAS A BHAINT AS IONTAOIBH NA NDAOINE CHUN FAISNÉIS BHRÉAGACH A SCAIPEADH



## An scéal

BHÍ aoire óg ann fadó. Thugadh sé aire don tréad caorach a bhí aige faoi bhun sléibhe i gcóngar na coille dorcha. Bhí sé uaigneach go leor air an lá ar fad agus, mar sin, cheap sé plean le go mbeadh beagáinín comhluadair aige, plean a mbainfeadh sé píosa spraoi as.

Bhrostaigh sé síos go dtí an sráidbhaile ag béicíl amach “mac tíre, mac tíre,” in ard a chinn is a ghutha, agus tháinig muintir an tsráidbhaile amach chun bualadh leis agus d’fhan cuid acu leis fada go leor. Chuir sé sin an oiread sin áthais ar an mbuachaill gur bhain sé triail as an gcleas céanna cúpla lá eile ina dhiaidh sin arís, agus arís eile, tháinig muintir an tsráidbhaile amach chun cabhrú leis.

Ach go gairid ina dhiaidh sin, tháinig mac tíre amach as an bhforaois i ndáiríre agus thosaigh sé ag cur isteach ar na caoirigh agus, ar ndóigh, thosaigh an buachaill ag béicíl, “mac tíre, mac tíre,” níos airde fiú amháin ná roimhe sin. Ach an uair seo, ní raibh corraí as muintir an tsráidbhaile; bhí an buachaill tar éis an dallamullóg a chur orthu faoi dhó cheana féin agus cheapadar go raibh sé á dhéanamh arís. Dá bhrí sin, d’ith an mac tíre a sháith de thréad caorach an bhuachalla. Nuair a rinne an buachaill gearán faoi sin, is é a dúirt fear críonna ar an sráidbhaile: “An téann a insíonn bréaga, ní chreidtear focal óna bhéal.”

## Ceisteanna le plé:

11. Cén fáth ar féidir an dallamullóg a chur ar dhaoine ar chor ar bith? Cé na príomhchúiseanna atá leis sin? // Easpa faisnéise malartaí, easpa foinsí, easpa smaointeoireachta criticiúla
12. Cén chaoi a bhféadfaí cabhrú le daoine cur i gcoinne bréaga leis an oideachas?
13. An straitéis fhadtéarmach é a bheith ag insint bréag? Cén deireadh a bhíonn leis?
14. Céard a d’fhéadfadh an buachaill a dhéanamh leis an scéal a chur ina cheart tar éis na géarchéime? Cén chaoi a bhféadfadh sé muinín mhuintir an tsráidbhaile a fháil ar ais (nó an bhféadfadh sé sin a dhéanamh ar chor ar bith)?
15. An bhfuil scéalta cosúil leis an gceann seo faoin mac tíre cloiste agat ar scoil? Cén chaoi a bhfuil siad cosúil le mínithe bréagacha (e.g. “Bhí mé tinn, “níor tháinig an bus”, etc.)? Cé na himpleachtaí fadtéarmacha a d’fhéadfadh a bheith ag baint le scéalta den saghas sin?

## Athfhriotal

Féadfaidh tú an dallamullóg a chur ar chuid de na daoine an t-am ar fad agus í a chur ar na daoine ar fad cuid den am, ach ní fhéadfaidh tú í a chur ar na daoine ar fad an t-am ar fad.

*Foinse: Anaithnid, deireadh an XIX haois*

## Tasc

Cruthaigh scéal (nó déan cur síos ar scéal ó do chuimhne) ina n-úsáideann cainéal nó cainéil meán náisiúnta iomráiteach(a) an straitéis chéanna le straitéis an “mhic tíre”. Mínigh conas a úsáidtear an mhuinín chun an bhréagaisnéis a scaipeadh. Úsáid athfhriotal le haghaidh do scéil.